**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe*

**2018/0205(COD)**

2.10.2018

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a ailíniú i réimse an bheartais comhshaoil agus lena leasaítear Treoracha 86/278/CEE, 2002/49/CE, 2004/35/CE, 2007/2/CE, 2009/147/CE agus 2010/63/AE, Rialacháin (CE) Uimh. 166/2006 agus (AE) Uimh. 995/2010, agus Rialacháin (CE) Uimh. 338/97 agus (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle.
(COM(2018)0381 – C8-0244/2018 – 2018/0205(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Nicola Caputo

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Is díol sásaimh don rapóirtéir an feabhas a cuireadh ar an treoir maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch (Treoir 2010/63/AE) i ndáil lena déanamh níos trédhearcaí agus níos simplí, go háirithe maidir le bunachar sonraí inchuardaithe rochtana- oscailte ina bhfuil sonraí staidrimh a bhunú. A bhuí leis an mbunachar sonraí inrochtana sin, beifear in ann faireachán a dhéanamh ar bhonn i bhfad níos tráthrialta ar thástáil ainmhithe chun críoch eolaíoch agus freisin ar fhaisnéis maidir lena dhéine atá na gnáthaimh agus ar na speicis a úsáidtear, go háirithe a mhéid a bhaineann le príomhaigh neamhdhaonna. Mar sin féin, ba cheart gur ghá i gcónaí tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun forléargas agus léirmhíniú a thabhairt ar na sonraí loma staidrimh atá sa bhunachar sonraí sin. Thairis sin, ós rud é go bhfuil an t-athbhreithniú seo á dhéanamh anois ag céim luath de chur chun feidhme na treorach, tá sé ró-luath go fóill measúnú a dhéanamh ar go leor gnéithe dá feidhmíocht maidir leis na spriocanna straitéiseacha, rud a cuireadh i bhfáth sa tuarascáil ón gCoimisiún a foilsíodh in 2017. Ar na cúiseanna sin, tá an rapóirtéir den tuairim go bhfuil sé riachtanach an t-airteagal maidir le hathbhreithniú ar an treoir seo a choinneáil.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT Na hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a ailíniú i réimse an ***bheartais*** comhshaoil agus lena leasaítear Treoracha 86/278/CEE, 2002/49/CE, 2004/35/CE, 2007/2/CE, 2009/147/CE agus 2010/63/AE, Rialacháin (CE) Uimh. 166/2006 agus (AE) Uimh. 995/2010, agus Rialacháin (CE) Uimh. 338/97 agus (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle. | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT Na hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a ailíniú i réimse na ***reachtaíochta a bhaineann leis an*** gcomhshaol agus lena leasaítear Treoracha 86/278/CEE, 2002/49/CE, 2004/35/CE, 2007/2/CE, 2009/147/CE agus 2010/63/AE, Rialacháin (CE) Uimh. 166/2006 agus (AE) Uimh. 995/2010, agus Rialacháin (CE) Uimh. 338/97 agus (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) |

*Réasúnú*

*Leasú ar an teideal chun a léiriú nach reachtaíocht maidir leis an gcomhshaoil per se atá i ngach gníomh dlí atá liostaithe anseo.*

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le faisnéis ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh, ba cheart leasuithe ar roinnt píosaí reachtaíochta ***comhshaoil*** a thabhairt isteach, agus aird á tabhairt ar thorthaí na Tuarascála ón gCoimisiún ar Ghníomhaíochtaí chun an Tuairisciú Comhshaoil a Chuíchóiriú [45] agus torthaí a Seiceála Oiriúnachta gaolmhaire [46]. | (1) Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le faisnéis ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh, ba cheart leasuithe ar roinnt píosaí reachtaíochta ***a bhaineann leis an gcomhshaol*** a thabhairt isteach, agus aird á tabhairt ar thorthaí na Tuarascála ón gCoimisiún ar Ghníomhaíochtaí chun an Tuairisciú Comhshaoil a Chuíchóiriú [45] agus torthaí a Seiceála Oiriúnachta gaolmhaire [46]. |
| [45] COM(2017) 312. | [45] COM(2017) 312. |
| [46] SWD(2017) 230. | [46] SWD(2017) 230. |

*Réasúnú*

*I gcomhréir le leasú comhchosúil ar an Teideal.*

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Is gá a áirithiú ó thaobh inrochtaineacht sonraí go bhfuil an tualach riaracháin ar na heintitis uile chomh beag agus is féidir. Teastaíonn scaipeadh gníomhach ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le Treoracha 2003/4/CE [47] agus 2007/2/CE [48] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena rialacha cur chun | (2) Is gá a áirithiú ó thaobh inrochtaineacht sonraí go bhfuil an t-ualach riaracháin ar na heintitis uile chomh beag agus is féidir ***go háirithe eintitis neamhrialtasacha amhail FBManna***. Teastaíonn scaipeadh gníomhach ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le Treoracha 2003/4/CE [47] agus 2007/2/CE [48] ó |

| | |
|---|---|
| feidhme, chun an bonneagar cuí a áirithiú le haghaidh rochtain phoiblí, tuairisciú agus comhroinnt sonraí idir údaráis phoiblí. | Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena rialacha cur chun feidhme, chun an bonneagar cuí a áirithiú le haghaidh rochtain phoiblí, tuairisciú agus comhroinnt sonraí idir údaráis phoiblí. |
| [47]Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26). | [47]Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26). |
| [48]Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1). | [48]Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1). |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Teastaíonn na sonraí a thuairiscíonn na Ballstáit chun go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán, athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na reachtaíochta ó thaobh ghnóthú na gcuspóirí a shaothraítear léi, chun bonn eolais a thabhairt le haon mheastóireacht a dhéanfar sa todhchaí ar an reachtaíocht sin i gcomhréir le mír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach [49]. Is iomchuí forálacha a chur le roinnt gníomhartha reachtacha in earnáil an chomhshaoil chun meastóireacht a dhéanamh orthu sa todhchaí, bunaithe ar shonraí arna mbailiú le linn an chur chun feidhme, agus d'fhéadfaí sonraí eolaíocha agus anailíseacha breise a úsáid chun na sonraí sin a chomhlánú. Sa chomhthéacs | (3) Teastaíonn na sonraí a thuairiscíonn na Ballstáit chun go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán, athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na reachtaíochta ó thaobh ghnóthú na gcuspóirí a shaothraítear léi, chun bonn eolais a thabhairt le haon mheastóireacht a dhéanfar sa todhchaí ar an reachtaíocht sin i gcomhréir le mír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach [49]. Is iomchuí forálacha a chur le roinnt gníomhartha reachtacha in earnáil an chomhshaoil chun meastóireacht a dhéanamh orthu sa todhchaí, bunaithe ar shonraí arna mbailiú le linn an chur chun feidhme, agus d'fhéadfaí sonraí eolaíocha agus anailíseacha breise a úsáid chun na sonraí sin a chomhlánú. Sa chomhthéacs |

sin, tá gá ann le sonraí ábhartha a fhágfaidh go bhféadfar measúnú níos fearr a dhéanamh ar a éifeachtúla, a éifeachtaí, a ábhartha agus a chomhleanúnaí atá reachtaíocht an Aontais agus an breisluach don Aontas atá aici, agus is é sin an fáth nach mór a áirithiú go bhfuil sásraí cuí tuairiscithe ann a fhéadfar a úsáid mar tháscairí chun na críche sin freisin.

sin, tá gá ann le sonraí ábhartha a fhágfaidh go bhféadfar measúnú níos fearr a dhéanamh ar a éifeachtúla, a éifeachtaí, a ábhartha agus a chomhleanúnaí atá reachtaíocht an Aontais agus an breisluach don Aontas atá aici, agus is é sin an fáth nach mór a áirithiú go bhfuil sásraí cuí tuairiscithe ann a fhéadfar a úsáid mar tháscairí chun na críche sin freisin ***do chinnteoirí agus don phobal i gcoitinne araon***.

[49] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

[49] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Is gá na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 43, Airteagal 54 ***agus*** Airteagal 57 de Threoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [56] a leasú. Áirítear ar na leasuithe sin, a bhfuil mar chuspóir acu trédhearcacht a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin a laghdú, bunachar sonraí lárnach inchuardaithe rochtana oscailte a bhunú le haghaidh achoimrí ar thionscadail neamhtheicniúla agus measúnuithe siarghabhálacha gaolmhara; cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun formáid choiteann a bhunú le haghaidh cur isteach achoimrí ar thionscadail neamhtheicniúla agus measúnuithe siarghabhálacha gaolmhara; faisnéis ar chur chun feidhme; an tuairisciú staidrimh a dhéanann an Coimisiún gach trí bliana a ionadú leis an gceanglas bunachar sonraí lárnach dinimiciúil arna óstáil ag an gCoimisiún a chur ar bun; agus faisnéis a eisiúint ar bhonn bliantúil. | (9) Is gá na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos in Airteagail 43, 54***,*** 57 ***agus 58*** de Threoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle56 a leasú. Áirítear ar na leasuithe sin, a bhfuil mar chuspóir acu trédhearcacht a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin a laghdú, bunachar sonraí lárnach inchuardaithe rochtana oscailte a bhunú le haghaidh achoimrí ar thionscadail neamhtheicniúla agus measúnuithe siarghabhálacha gaolmhara; cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun formáid choiteann a bhunú le haghaidh cur isteach achoimrí ar thionscadail neamhtheicniúla agus measúnuithe siarghabhálacha gaolmhara; faisnéis ar chur chun feidhme; an tuairisciú staidrimh a dhéanann an Coimisiún gach trí bliana a ionadú leis an gceanglas bunachar sonraí lárnach dinimiciúil arna óstáil ag an gCoimisiún a chur ar bun; agus faisnéis a eisiúint ar bhonn bliantúil. ***Caithfear measúnú a dhéanamh ar an gclásal athbhreithnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar a thiocfaidh as an tuarascáil ón gCoimisiún, i gcomhréir le*** |

***hAirteagal 58 de Threoir 2010/63/AE maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch [56a].***

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| [56] Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 33). | [56] Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 33). |
| | ***[56a] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún (COM(2017) 631 final), i gcomhréir le hAirteagal 58 de Threoir 2010/63/AE maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 86/278/CEE
Airteagal 10 – mír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) ainm agus seoladh fhaighteoirí an tsloda agus an áit a núsáidfear an sloda;*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart go mbeadh sonraí coincréiteacha oibriúcháin ar fáil, amhail sonraí maidir leis na daoine a cheannaíonn dríodar séarachais sa chás seo. Is gá cosaint sonraí a áirithiú. Féadfaidh ciapadh ó ghrúpaí comhshaoil ar fheirmeoirí eascairt ó fhoilsiú sonraí maidir leis na feirmeoirí, fiú amháin má tá gníomhaíochtaí na bhfeirmeoirí sin go hiomlán dlíthiúil. D'fhéadfaí fonóid faoi na feirmeoirí de bharr a bhfoilsithe. Ní mór do na húdaráis na sonraí a bheith ar fáil go hinmheánach ionas go mbeidh siad in ann faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas agus na rialachán.*

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 86/278/CEE

Airteagal 10 – mír 1 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) aon fhaisnéis eile a bhaineann le trasuí agus cur chun feidhme na Treorach seo arna soláthar ag na Ballstáit don Choimisiún de bhun Airteagal 17.*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Chruthódh an téacs atá beartaithe lúb mar gheall ar an tagairt d'Airteagal 17 ar airteagal é a thagraíonn é féin do ghníomh cur chun feidhme ar ghá dó ceanglais Airteagal 10 a chur ar bun.*

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 86/278/CEE
Airteagal 17 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún formáid a leagan síos, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, ar i gcomhréir léi a sholáthróidh na Ballstáit faisnéis, in am trátha ar chur chun feidhme Threoir 86/278/CEE mar a cheanglaítear le hAirteagal 10 den Treoir seo. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).". Foilseoidh seirbhísí an Choimisiúin forléargas ar an Aontas ina iomláine ar bhonn na sonraí arna gcur isteach ag na Ballstáit de bhun Airtegail 10 agus 17. | Tugtar de chumhacht don Choimisiún formáid a leagan síos, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, ar i gcomhréir léi a sholáthróidh na Ballstáit faisnéis, in am trátha ar chur chun feidhme Threoir 86/278/CEE mar a cheanglaítear le hAirteagal 10 den Treoir seo. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Foilseoidh seirbhísí an Choimisiúin forléargas ar an Aontas ina iomláine ar bhonn na sonraí arna gcur isteach ag na Ballstáit de bhun Airteagail 10 agus 17 ***agus cuirfidh sé tograí, gach dhá bliain, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cosaint níos fearr d'ithreacha agus don chomhshaol***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2002/49/CE
Airteagal 10 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis ó na mapaí torainn straitéiseacha agus ó na hachoimrí ar na pleananna gníomhaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI a sheoladh chuig an gCoimisiún laistigh de shé mhí ó na dátaí a leagtar síos in Airteagal 7 agus Airteagal 8 faoi seach. Chun na críche sin, is go leictreonach amháin a thuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis ***don*** stór sonraí ***arna bhunú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 13(3)***. I gcás inar mhaith le Ballstát faisnéis a thabhairt cothrom le dáta, cuirfidh sé síos ar na difríochtaí idir an fhaisnéis atá tugtha cothrom le dáta agus an fhaisnéis bhunaidh agus ar na cúiseanna lena tabhairt cothrom le dáta nuair a bheidh an fhaisnéis atá tugtha cothrom le dáta á cur ar fáil aige don stór sonraí. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis ó na mapaí torainn straitéiseacha agus ó na hachoimrí ar na pleananna gníomhaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI a sheoladh chuig an gCoimisiún laistigh de shé mhí ó na dátaí a leagtar síos in Airteagal 7 agus Airteagal 8 faoi seach. Chun na críche sin, ní thuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis go leictreonach ach chuig stór sonraí ***éigeantach***. I gcás inar mhaith le Ballstát faisnéis a thabhairt cothrom le dáta, cuirfidh sé síos ar na difríochtaí idir an fhaisnéis atá tugtha cothrom le dáta agus an fhaisnéis bhunaidh agus ar na cúiseanna lena tabhairt cothrom le dáta nuair a bheidh an fhaisnéis atá tugtha cothrom le dáta á cur ar fáil aige don stór sonraí. |

*Réasúnú*

*Ailíniú a dhéanamh ar an mbunghníomh le nós imeachta na nGníomhartha Tarmligthe.*

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**
Treoir 2002/49/CE
Airteagal 10 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I mír 2 d'Airteagal 10, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:*** |
| | ***"2a. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 12a chun an Treoir seo a*** |

| | |
|---|---|
| | ***fhorlíonadh i ndáil le stór sonraí éigeantach a bhunú dá dtagraítear i mír 2, agus rialacha sonracha an tsásra um malartú faisnéise digití chun an fhaisnéis a roinnt maidir le mapaí torainn straitéiseacha agus achoimrí na bpleananna gníomhaíochta.”*** |

*Réasúnú*

*Ailíniú a dhéanamh ar an mbunghníomh le nós imeachta na nGníomhartha Tarmligthe. Leis an mhír nua seo leasaítear mír 5 d’airteagal 10(2) lena ndéantar fomhír de mhír 2 de.*

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 b (nua)**
Treoir 2002/49/CE
Airteagal 12 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Cuirtear an tAirteagal seo a leanas leo:*** |
| | ***“Airteagal 12a*** |
| | ***An tarmligean a fheidhmiú*** |
| | ***1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.*** |
| | ***2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón... [dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí*** |

***roimh dheireadh gach tréimhse.***

***3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a chúlghairm aon tráth. Cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin trí chinneadh chun cúlghairm a dhéanamh. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.***

***4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.***

***5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.***

***6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.***

*Réasúnú*

*Ailíniú a dhéanamh ar an mbunghníomh le nós imeachta na nGníomhartha Tarmligthe.*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2002/49/CE
Iarscríbhinn VI – pointe 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. in Iarscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3: | 5. In Iarscríbhinn VI, ***scriostar*** pointe 3; |
| ***'3. Sásra malartaithe faisnéise*** | |
| ***"Déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, sásra éigeantach digiteach malartaithe faisnéise a fhorbairt chun an fhaisnéis ó na mapaí torainn straitéiseacha agus ó na hachoimrí ar phleananna gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a chomhroinnt i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 13(3).*** | |

*Réasúnú*

*Athraíodh an leasú seo agus aistríodh é chuig mír 2 d'airteagal 10, fomhír 2a.*

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)**
Treoir 2004/35/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. In Airteagal 3, mír 1, cuirtear isteach pointe b a mar seo a leanas*** |
| | ***(ba) Damáiste a tharlaíonn mar gur tugadh isteach speicis choimhthíocha foraoise nach bhfuil oiriúnach mar go laghdaíonn siad foinsí áitiúla uisce nó toisc go bhfuil siad an-inadhainte.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2004/35/CE
Iarscríbhinn VI – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. scála agus cineál an damáiste don chomhshaol, dáta an tarlaithe agus/nó aimsiú an damáiste. Aicmeofar scála an damáiste don chomhshaol mar dhamáiste beag, measartha, mór nó an-mhór. Aicmeofar cineál an damáiste don chomhshaol mar dhamáiste don uisce, don mhuirthimpeallacht, don ithir, don dúlra/d'éiceachórais nó mar dhamáiste do shláinte an duine de bharr truaillithe; | 1. scála agus cineál an damáiste don chomhshaol, dáta an tarlaithe agus/nó aimsiú an damáiste. Aicmeofar scála an damáiste don chomhshaol mar dhamáiste beag, measartha, mór nó an-mhór. Aicmeofar cineál an damáiste don chomhshaol mar dhamáiste don uisce, don mhuirthimpeallacht, don ithir, don dúlra/d'éiceachórais ***don tuath*** nó mar dhamáiste do shláinte an duine ***nó an ainmhí*** de bharr truaillithe; |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2007/2/CE
Airteagal 23 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil an forléargas ar an Aontas ina iomláine a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ***gach bliain*** ar bhonn na meiteashonraí agus na sonraí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil trí sheirbhísí líonra i gcomhréir le hAirteagal 21. Beidh ar áireamh san fhorléargas ar an Aontas ina iomláine, de réir mar is iomchuí, táscairí aschuir, torthaí agus tionchair na Treorach seo, mapaí forléargais ar an Aontas ina iomláine agus tuarascálacha forléargais ar na Ballstáit. | Déanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil an forléargas ar an Aontas ina iomláine a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ***faoi dhó sa bhliain*** ar bhonn na meiteashonraí agus na sonraí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil trí sheirbhísí líonra i gcomhréir le hAirteagal 21. Beidh ar áireamh san fhorléargas ar an Aontas ina iomláine, de réir mar is iomchuí, táscairí aschuir, torthaí agus tionchair na Treorach seo, mapaí forléargais ar an Aontas ina iomláine agus tuarascálacha forléargais ar na Ballstáit. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Treoir 2010/63/CE
Airteagal 43 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Go dtí an 31 Nollaig ***2020***, foilseoidh na Ballstáit na hachoimrí ar thionscadail neamhtheicniúla údaraithe agus aon nuashonrú a dhéantar orthu. Ón 1 Eanáir ***2021***, déanfaidh na Ballstáit na hachoimrí ar thionscadail neamhtheicniúla, agus aon nuashonrú a dhéantar orthu, a chur isteach agus a fhoilsiú trí bhíthin aistriú leictreonach chuig an gCoimisiún laistigh de 6 mhí ar a dhéanaí ó údarú na dtionscadal lena mbaineann.’ | 3. Go dtí an 31 Nollaig ***2021***, foilseoidh na Ballstáit na hachoimrí ar thionscadail neamhtheicniúla údaraithe agus aon nuashonrú a dhéantar orthu. Ón 1 Eanáir ***2022***, déanfaidh na Ballstáit na hachoimrí ar thionscadail neamhtheicniúla, agus aon nuashonrú a dhéantar orthu, a chur isteach agus a fhoilsiú trí bhíthin aistriú leictreonach chuig an gCoimisiún laistigh de 6 mhí ar a dhéanaí ó údarú na dtionscadal lena mbaineann. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Treoir 2010/63/CE
Airteagal 54 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 30 Meán Fómhair ***2023***, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, seolfaidh na Ballstáit an fhaisnéis ar chur chun feidhme na Treorach seo agus go háirithe ar chur chun feidhme Airteagail 10(1), 26, 28, 34, 38, 39, 43 agus 46 den Treoir. | Faoin 30 Meán Fómhair ***2024***, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, seolfaidh na Ballstáit an fhaisnéis ar chur chun feidhme na Treorach seo agus go háirithe ar chur chun feidhme Airteagail 10(1), 26, 28, 34, 38, 39, 43 agus 46 den Treoir. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Treoir 2010/63/CE
Airteagal 54 – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Foilseoidh seirbhísí an Choimisiúin forléargas ar an Aontas ina iomláine ar bhonn na sonraí arna gcur isteach ag na Ballstáit. | ***Ar dháta nach déanaí ná 6 mhí tar éis do na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear sa dara fomhír a thíolacadh***, foilseoidh seirbhísí an Choimisiúin forléargas ar an |

Aontas ina iomláine ar bhonn na sonraí sin.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2010/63/AE
Airteagal 57

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Scriostar Airteagal 57. | 3. ***Cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** Airteagal 57: |
| | ***Airteagal 57*** |
| | ***Tuarascáil ón gCoimisiún*** |
| | ***Faoin 10 Samhain 2020 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis staidrimh arna cur in iúl ag na Ballstáit faoi Airteagal 54(2), tuarascáil ina mbeidh achoimre ar an bhfaisnéis sin a thíolacadh don Pharlaimint agus don Chomhairle.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**
Treoir 2010/63/AE
Airteagal 58 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. in Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (1):*** |
| Faoin 10 Samhain 2024 ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an treoir i dtrácht agus aird á tabhairt ar an dul chun cinn maidir le modhanna malartacha a fhorbairt nach n-úsáideann ainmhithe, go háirithe príomhaigh neamhdhaonna, agus molfaidh sé leasuithe, i gcás inar gá. | Faoin 10 Samhain ***2024*** déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an treoir i dtrácht agus aird á tabhairt ar an dul chun cinn maidir le modhanna malartacha a fhorbairt nach n-úsáideann ainmhithe, go háirithe príomhaigh neamhdhaonna, agus molfaidh sé leasuithe, i gcás inar gá. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**
Rialachán (AE) Uimh. 995/2010
Airteagal 20 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoin 3 Deireadh Fómhair ***2015***, agus gach sé bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn tuarascálacha a tharraingeofar suas, agus ar bhonn na taithí a bheidh faighte, maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, feidhmiú agus éifeachtacht an Rialacháin seo a athbhreithniú, lena n-áirítear éifeachtacht maidir le cosc a chur ar adhmad arna lománú go neamhdhleathach nó táirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmad den sórt sin a chur ar an margadh. Breithneoidh sé go háirithe na hiarmhairtí riaracháin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chumhdach táirgí. Tabharfaidh an Coimisiún tuairisc do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar thoradh an athbhreithnithe, agus cuirfear tograí reachtacha iomchuí leis na tuairiscí sin más gá. | 3. Faoin 3 Deireadh Fómhair ***2021***, agus gach sé bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn tuarascálacha a tharraingeofar suas, agus ar bhonn na taithí a bheidh faighte, maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, feidhmiú agus éifeachtacht an Rialacháin seo a athbhreithniú, lena n-áirítear éifeachtacht maidir le cosc a chur ar adhmad arna lománú go neamhdhleathach nó táirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmad den sórt sin a chur ar an margadh. Breithneoidh sé go háirithe na hiarmhairtí riaracháin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chumhdach táirgí. Tabharfaidh an Coimisiún tuairisc do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar thoradh an athbhreithnithe, agus cuirfear tograí reachtacha iomchuí leis na tuairiscí sin más gá. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (CE) Uimh. 338/97
Airteagal 15 – mír 4 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) Gan dochar d'Airteagal 20, cuirfidh údaráis bhainistíochta na mBallstát in iúl don Choimisiún, bliain amháin roimh gach Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, an fhaisnéis ar fad a bhaineann leis an tréimhse ábhartha roimhe sin agus a theastaíonn chun na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal VIII.7 (b) den Choinbhinsiún a | (c) Gan dochar d'Airteagal 20, cuirfidh údaráis bhainistíochta na mBallstát in iúl don Choimisiún, bliain amháin roimh gach Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, an fhaisnéis ar fad a bhaineann leis an tréimhse ábhartha roimhe sin agus a theastaíonn chun na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal VIII.7 (b) den Choinbhinsiún a |

| | |
|---|---|
| tharraingt suas agus faisnéis choibhéiseach ar na forálacha den Rialachán seo nach dtagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin. An ***fhaisnéis a chuirfear in iúl agus an*** fhormáid ina dtabharfar le fios í, sonróidh an Coimisiún iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2). | tharraingt suas agus faisnéis choibhéiseach ar na forálacha den Rialachán seo nach dtagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin. An fhaisnéis a chuirfear in iúl agus an fhormáid ina dtabharfar le fios í, sonróidh an Coimisiún iad i gcomhréir leis an nós imeachta ***scrúdúcháin*** dá dtagraítear in Airteagal 18(2). |

*Réasúnú*

*Níor cheart don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis atá le cur in iúl agus ba cheart go ndéanfaí gníomh cur chun feidhme (nós imeachta an scrúdúcháin) as an nós imeachta rialúcháin.*

# NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Ailíniú ar na hoibleagáidí tuairiscithe i réimse an bheartais comhshaoil |
| **Tagairtí** | COM(2018)0381 – C8-0244/2018 – 2018/0205(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>11.6.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>11.6.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Nicola Caputo<br>28.6.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 1.10.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 38<br>–: 4<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | John Stuart Agnew, Clara Eugenia Aguilera García, Eric Andrieu, Richard Ashworth, Daniel Buda, Nicola Caputo, Matt Carthy, Jacques Colombier, Michel Dantin, Paolo De Castro, Albert Deß, Diane Dodds, Jørn Dohrmann, Herbert Dorfmann, Norbert Erdős, Luke Ming Flanagan, Karine Gloanec Maurin, Esther Herranz García, Jan Huitema, Martin Häusling, Peter Jahr, Ivan Jakovčić, Jarosław Kalinowski, Zbigniew Kuźmiuk, Philippe Loiseau, Mairead McGuinness, Nuno Melo, Giulia Moi, Ulrike Müller, James Nicholson, Maria Noichl, Marijana Petir, Bronis Ropė, Maria Lidia Senra Rodríguez, Czesław Adam Siekierski, Tibor Szanyi, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Franc Bogovič, Michela Giuffrida, Elsi Katainen, Anthea McIntyre, Momchil Nekov, Molly Scott Cato, Vladimir Urutchev, Thomas Waitz |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Renata Briano |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 38 | + |
|---|---|
| ALDE | Jan Huitema, Ivan Jakovčić, Elsi Katainen, Ulrike Müller |
| ECR | Jørn Dohrmann, Zbigniew Kuźmiuk, Anthea McIntyre, James Nicholson |
| EFDD | Giulia Moi, Marco Zullo |
| ENF | Jacques Colombier, Philippe Loiseau |
| PPE | Richard Ashworth, Franc Bogovič, Daniel Buda, Michel Dantin, Albert Deß, Herbert Dorfmann, Norbert Erdős, Esther Herranz García, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Nuno Melo, Marijana Petir, Czesław Adam Siekierski, Vladimir Urutchev |
| S&D | Clara Eugenia Aguilera García, Eric Andrieu, Nicola Caputo, Paolo De Castro, Michela Giuffrida, Karine Gloanec Maurin, Momchil Nekov, Maria Noichl, Tibor Szanyi |
| VERTS/ALE | Bronis Ropė, Molly Scott Cato, Thomas Waitz |

| 4 | - |
|---|---|
| EFDD | John Stuart Agnew |
| GUE/NGL | Matt Carthy, Luke Ming Flanagan, Maria Lidia Senra Rodríguez |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh